

**Miontuairiscí ón 15ú cruinniú den Fhóram Comhpháirtíochta Dé Luain 14  
Nollaig 2015 i gceannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath.**

**I láthair:** Antoine Ó Coileáin (Gael Linn), Caitríona Ní Cheallaigh (Cumann na bhFiann), Julian de Spáinn (Conradh na Gaeilge) agus Lorcán Mac Gabhann (Glór na nGael).

**Ag freastal:** Seán Ó Coinn (Cathaoirleach an Fhórait & Foras na Gaeilge), Éamonn Ó hArgáin (Foras na Gaeilge), Steph Uí Choinne (Rúnaí an Fhórait), Séamus Daltún (Comhairleoir Pleanála Straitéisí), Regina Uí Chollatáin (An Fóram Forbartha Teanga) agus Dónall P. Ó Baoill (Comhairle Pleanála Teanga).

**Leithscéal:** Liam Ó Maolaotha (Oireachtas na Gaeilge), Nóra Ní Loingsigh (Gaelscoileanna) agus Bláthnaid Ní Ghréacháin (Gaelscoileanna).

**Clár an chruinnithe a aontú**

1. Aontaíodh ar chlár an chruinnithe. Aontaíodh go gcuirfí plécháipéis Oireachtas na Gaeilge ar cad is gréasán ann ar an chlár don chéad chruinniú eile.

**Miontuairiscí ón 16 Meán Fómhair 2015 agus nithe ag éirí astu**

2. Glacadh leis na miontuairiscí ón 16 Meán Fómhair 2015. Aontaíodh go bhfoilseofaí na miontuairiscí sin ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge in Eanáir 2016.
3. Ardaíodh ceist ar seoladh an cháipéis ‘Infheistíocht sa Ghaeilge agus sa Ghaeltacht ó 2016 ar aghaidh’ ó thuaidh agus cuireadh in iúl nár seoladh go fóill í.

**Pleananna agus Iarratais 2016 – nuashonrú ó Fhoras na Gaeilge**

4. Cuireadh in iúl go raibh cruinniú Boird ag Foras na Gaeilge ar 11 Nollaig 2015 ag ar glacadh le hiarratais 2016 ó 4 cheanneagraíocht agus go mbeadh an dá iarratas eile le plé ag an chruinniú Boird i mí Eanáir 2016. Cuireadh in iúl go mbeadh na litreacha tairisceana le cur ar fáil go luath agus go mbeadh cruinniú i mí Eanáir chun tuarisciú agus monatóireacht a phlé.
5. Ardaíodh ceist faoi íocaíochtaí ráithiúla agus cuireadh in iúl go raibh an cheist sin ag brath ar aiseolas ón Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus ó Choiste Iniúchta Fhoras na Gaeilge ach go rabhthas ag cloí leis an phróiseas míosúil fós. Cuireadh in iúl go mbeimid ag súil go mbeadh an córas leictreonach íocaíochtaí in áit don chéad ráithe in 2016.

**Socruithe taighde do Phlean Straitéiseach an Fhórait Chomhpháirtíochta**

6. Cuireadh in iúl go raibh duine aimsithe le tabhairt faoin taighde anois le heolas bonnlíne a chur ar fáil don Phlean Straitéiseach. Míníodh gur taighde ceannródaíoch a bheadh i gceist agus go gcuirfí tús leis i mí Eanáir 2016 agus go mbeadh sé réidh faoi dheireadh mhí Iúil. Cuireadh in iúl go gcuirfí na téarmaí tagartha don taighde agus an cur chuige ar fáil don Fhóram Comhpháirtíochta.

**Gníomh:** Téarmaí tagartha don taighde a chur ar fáil don Fhóram Comhpháirtíochta.

### **Cur i láthair ó Chathaoirleach an Fhórait Fhorbartha Teanga**

7. Thug Cathaoirleach an Fhórait Fhorbartha Teanga cur i láthair ar obair an Fhórait Fhorbartha Teanga go dáta. Mhínigh sí go raibh beirt nó triúr de bhaill an Fhórait luaite le gach sainréimse anois. I measc na moltaí a bhí ag an Fhóram Forbartha Teanga bhí moltaí i leith Oireachtas na Gaeilge 2015, sheimineáir Chonradh na Gaeilge, shuirbhé Ghlór na nGael, Ghaelbhratach, naisc idir clubanna óige agus clubanna óige Chumann na bhFiann, agus shonraí teagmhála an dá Fhórait le malartú ar a chéile.
8. Rinneadh tagairt do thréimhse bhallaíochta ar an Fhóram Forbartha Teanga agus measadh nach leor dhá bhliain agus gurbh fhiú breathnú ar shíneadh na tréimhse sin.
9. Moladh go dtiocfadh baill an dá fhórait le chéile, agus moladh ráithe a trí de 2016 chuige sin – go dtiocfadh torthaí an taighde a chur i láthair i ndiaidh chruinniú na Samhna den Fhóram Forbartha Teanga.

**Gníomh:** Foras na Gaeilge le hathbhreithniú a dhéanamh ar thréimhse bhallaíochta an Fhórait Fhorbartha Teanga.

**Gníomh:** Foras na Gaeilge le socrúithe a dhéanamh do theacht i gceann a chéile an dá Fhórait i mí na Samhna 2016.

### **Cur i láthair ón Chomhairleoir Pleanála Teanga**

10. Thug an Chomhairleoir Pleanála Teanga cur i láthair ar riachtanais taighde agus bhí plé ina leith sin.
11. Thug sé tuairisc ar chomhairliúchán a bhí déanta aige leis na Ceanneagraíochtaí.
  - a. Cuireadh in iúl dó go raibh an tuairim ann nach raibh Foras na Gaeilge ag cur luach leis an obair dheonach a bhí ar siúl sna Ceanneagraíochtaí, agus gur ghá teacht ar bhealaí foirmiúla le haitheantas a thabhairt don obair dheonach sin.
  - b. Cuireadh in iúl dó go raibh brú ama ann i gcónaí ag ullmhú ábhair do na boird stiúrtha, d'Fhoras na Gaeilge, don dá Fhóram srl. Cuireadh in iúl dó gur mothaíodh go raibh tús áite á thabhairt don rialachas seachas do luach nó do thorthaí na hoibre.
  - c. Cuireadh in iúl dó gur measadh nach raibh aitheantas tugtha do na hacmhainní breise a bhí na Ceanneagraíochtaí a thabhairt chuig a gcuid oibre mar Cheanneagraíochtaí.
  - d. Cuireadh in iúl dó go raibh tacaíocht de dhíth ar bhaill foirne na gCeanneagraíochtaí sa phleanáil teanga agus chuige sin, aontaíodh go mbeadh sé ina chabhair dá gcuirfeadh Foras na Gaeilge oiliúint ar fáil do bhaill foirne na gCeanneagraíochtaí, 3 lá sa bhliain, maidir le pleanáil teanga agus maidir le conas a dhéantar luacháil agus meastóireacht ar an obair ag leibhéal foirne agus bainistíochta. Moladh go mbeadh deis ag ceannasaithe moltaí a chur ar fáil maidir le hábhar na laethanta oiliúna sin. Moladh fosta go mbeadh roinn ar Fhoirm Monatóireachta Fhoras na Gaeilge a dtiocfadh cur síos a dhéanamh inti ar na hacmhainní breise a bhí na Ceanneagraíochtaí a chur ar fáil dá gclár oibre sna sainréimsí.

- e. Cuireadh in iúl don Chomhairleoir Pleanála Teanga gur mheas cuid de na Ceannasaithe nach raibh saoirse chaiteachais go leor ag Ceanneagraíochtaí. Moladh go mbeadh sé ina chabhair dá mbeadh íos-teorainn airgid ag Ceanneagraíochtaí nár ghá tuairisciú a dhéanamh ina leith. Chuir an Cathaoirleach in iúl go gcaithfí an cheist sin a phlé le Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus ag Choiste Iniúchta Foras na Gaeilge.

**Gníomh:** Foras na Gaeilge le socruithe a dhéanamh le 3 lá oiliúna a eagrú.

**Gníomh:** Foras na Gaeilge leis an Fhoirm Monatóireachta a leasú.

**Gníomh:** Foras na Gaeilge le ceist na híos-teorann tuairiscithe a phlé go himmheánach.

12. Chuir ceannasaí amháin in iúl go mbíonn an sciar míosúil Foras na Gaeilge déanach ag teacht tríd agus go mbíonn ar an Ceanneagraíocht sin iasacht a fháil ar bhonn míosúil. Aontaíodh go ndéanfaí an cheist sin a fhiosrú.

**Gníomh:** Foras na Gaeilge le fiosrú a dhéanamh ar dháta íoctha na sciaranna deontais.

13. Ardaíodh ceist faoi mhéid an eolais bhreise a d'iarr Foras na Gaeilge do na hiarratais ar mhaoiniú agus rinneadh an pointe go raibh an t-eolas céanna curtha ar fáil ag na Ceanneagraíochtaí in iarratais atá déanta acu roimhe seo. Mhínigh an Cathaoirleach nach dtiocfadh le Foras na Gaeilge sean-iarratas a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar iarratas reatha. Iarradh go gcuirfeadh Foras na Gaeilge treoir bhreise ar fáil maidir leis an chineál eolais atá ag teastáil.

**Gníomh:** Foras na Gaeilge le treoir bhreise a chur ar fáil faoin chineál eolais atá de dhíth sna foirmeacha iarratais agus sna foirmeacha monatóireachta.

14. Pléadh an taighde uilig a bhí déanta ag na CEí éagsúla le bliain anuas agus iad ag iarraidh tabhairt faoina sainréimsí. Moladh bunachar sonraí a chruthú de na tograí taighde éagsúla a bhí déanta agus torthaí an taighde a chur ar fáil do na Ceanneagraíochtaí uilig.

**Gníomh:** Foras na Gaeilge le socruithe a dhéanamh le bunachar sonraithe a chur ar fáil don taighde.

### **Cur i láthair ar thuairiscí na gCeanneagraíochtaí ar Ráithí 2 agus 3**

15. Thug gach ceannasaí cur i láthair ar na tosaíochtaí agus na príomhthorthaí a baineadh amach agus bhí plé ina dhiaidh.
16. Ardaíodh ceist faoin ghaelscolaíocht agus úsáid na Gaeilge lasmuigh den scoil agus moladh gurbh fhiú aird a dhíriú ar an cheist thábhachtach sin ag aois an-óg seachas é a fhágáil go dtí go mbíonn an páiste i rang 6. Cuireadh in iúl go mbíonn seastáin eolais ag Coláiste Eoin/ Íosagáin ina leith agus gurbh fhiú an cheist a fhiosrú.

17. Rinneadh tagairt do na comhdhálacha éagsúla a bhí ar siúl agus aontaíodh go ndéanfaí an liosta sin a scaipeadh ar an Fhóram Comhpháirtíochta.

**Gníomh:** Cóip de chur i láthair gach ceanneagraíochta le cur isteach sa Dropbox.

**Meamraim chomhthuisceana maidir le forbairt na Gaeilge sa teaghlach agus forbairt phobail**

18. Míníodh go raibh mionleasú déanta ar na meamraim ón chruinniú deireanach. Iarradh go scaipfí an dá mheamram ar na boird stiúrtha agus na baill foirne sna Ceanneagraíochtaí agus go mbeadh siad le plé ag an chéad chruinniú eile agus na ceannasaithe uile i láthair. Aontaíodh an mhír a choinneáil ar an chlár do chruinniú mhí Feabhra 2016.

**Gníomh:** Ceanneagraíochtaí leis an dá mheamram a chur i láthair a gcuid bord stiúrtha.

**Straitéis le Forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a Chosaint 2015 – 2035 (TÉ)**

19. Iarradh aon mholtaí ar an straitéis a chur ar fáil do cheannasaí Chonradh na Gaeilge ar ríomhphost.

**Gníomh:** Moltaí le cur chuige Conradh na Gaeilge.

**Cur i láthair ar Chomóradh 1916**

20. Tháinig N. Báiréad i láthair an chruinnithe agus thug sí cur i láthair ar an ócáid a bhí beartaithe don 3 Nollaig 2016 agus bhí plé ina leith. Gabhadh buíochas léi as ucht a cur i láthair.

**Aon ghnó eile**

21. Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeadh deireadh ag teacht le conradh an Chomhairleora Pleanála Straitéisí le deireadh 2015. Chuir an Comhairleoir Pleanála Straitéisí in iúl go gcuirfeadh sé tuairisc dheiridh scríofa ar fáil i ndiaidh dó bualadh leis na ceannasaithe uile. Ghabh Cathaoirleach an Fhórait Comhpháirtíochta buíochas leis an Chomhairleoir Pleanála Straitéisí as an chuidiú agus an tacaíocht ar fad a chuir sé ar fáil don Fhóram agus d'Fhoras na Gaeilge ó ceapadh é. Ghabh na ceannasaithe buíochas leis freisin.

**Gníomh:** An Comhairleoir Pleanála Straitéisí le tuairisc dheiridh a sholáthar.

22. Aontaíodh ar roinnt leasuithe ar an sceideal cruinnithe do 2016 agus aontaíodh go scaipfí an leagan leasaithe mar eolas.

**Gníomh:** Foras na Gaeilge le leagan leasaithe den sceideal cruinnithe a scaipeadh.